


# CORPOIDEACHAS


## Aonad Samplach 2

## Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta

## Snáithaonad: Treodóireacht







An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide


# Treodóireacht

## Intinní Foghlama:

**Táimid ag foghlaim faoin treodóireacht.**

**Critéir Ratha:**

- **Beidh mé in ann siombailí léarscáile a ainmniú agus a aithint ar an léarscáil.**
- **Beidh mé in ann léarscáil a leanúint ó phointe go pointe.**



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta


Oide

# Cad is ciall le léarscáil?


Mapa a léiríonn an domhan/áiteanna éagsúla



# Ciorclaigh na léarscáileanna thíos:



















# Cén uair a úsáideann muid léarscáil?

**Smaoinigh, Gabh i mBeirteanna agus Gabh i bPáirt le PostIts:** Úsáideann tú léarscáil ...



# Cén uair a úsáideann muid léarscáileanna?









Úsáideann tú léarscáil nuair atá tú ag dul don treodóireacht.

Úsáideann tú léarscáil sa charr, nuair atá tú ag tiomáint ó áit go háit.


Google Maps

Úsáideann tú léarscáil ag an Zú, ag páirc shiamsaíochta nó ar leathanta saoire .

# Siombailí léarscáile

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Foirgneamh  | Claí  | Busáras  | Conair rothaíochta  | Abhainn  | Balla  |
| Mótarbhealach   | Láib  | Cosán  | Láthair picnicí  | Iarnród  | Críoch  |
| Ionad cuairteoirí   | Uisce  | Carrbhealach dúbailte   | Páirceáil   | Teorainn an stáit  | Tús  |

# Líon na Bearnaí




| | | | |
|---|---|---|---|
| Conair rothaíochta | Balla | Tús | Foirgneamh |
| Páirceáil | Claí | Críoch | Cosán |

# Glaoigh Amach É/Biongó

https://wordwall.net/resource/80117156




Anois a chairde, déanfaidh muid seiceáil an bhfuil na siombailí léarscáile ar eolas againn. Glaoigh amach an siombail a fheiceann tú ar an rothlóir.

# Téamh Suas

Rás sealaíochta le siombailí léarscáile

Déan 5/6 chóip den chluiche siombailí léarscáile

Roinn na páistí i bhfoirne de sheisear

Seasann siad ag na marcanna tosaithe


Cuir bosca leis na siombailí léarscáile cúig mhéadar chun cinn ar na foirne.


Cuir na focail mheaitseála i mboscaí ag na marcanna tosaithe.

Tógann gach páiste focal ar a seal, ritheann siad chuig an mbosca eile leis an gcomhartha cuí a fháil.

Caithfidh an dalta ainm na siombaile a scairteadh amach os ard ansin agus rith abhaile leo.

Bíonn an bua ag an bhfoireann a mheaitseálann na siombailí ar dtús.





# TEAGASC RUD

# FOGHLAIM RUD

Féach ar an léarscáil scoile. Siúil timpeall an chlóis agus cuir ceist amháin ar gach dalta sa rang faoin léarscáil. Déan taifead de líon na gceisteanna agus líon na bhfreagraí. Féach na samplaí thíos:

Cá bhfuil an cosán/an clós/foirgneamh na scoile/an scoil/an sconsa/an bhialann/an bóthar/an tús/an críoch/an balla?

Tá sé in aice leis an mballa.
Tá an cosán gar don bhóthar.

| Cairt Scoir |  |
|---|---|
| Ceist | |
| Freagra | |

Taisce Téarmaíochta

Ar chúl, taobh thiar, in aice leis an, gar do/don, ar dheis, ar chlé, taobh leis an, ó thuaidh, ó dheas, taobh deas, taobh clé

# Treodóireacht ó phointe go pointe: Treoir an Mhúinteora

Cuir cóip mhéadaithe den léarscáil le roinnt ionaid rialaithe marcáilte ann ar taispeáint sa seomra ranga. Pléigh an eochair/na siombailí. Déan gnéithe agus comharthaí talún a shainaithint. Pléigh an áit ar dhóigh leis na páistí ina bhfuil siad.


Mínigh dóibh gur treodóireacht ó phointe go pointe/treodóireacht trastíre atá i gceist agus go gcaithfidh siad na hionaid rialaithe a bhaint amach in ord, go mbeidh an cúrsa amaithe agus go mbeidh an bua ag an mbeirt is tapúla a bheidh na cártaí rialaithe cearta acu

- Tabhair léarscáil, cárta rialaithe, fáisc-chlár agus peannluaidhe don chéad bheirt/dara beirt
- Coimeád cuntas den am tosaithe agus comhairigh síos go dtí an tús.
- Lean an proiséas céanna leis an gcéad bheirt eile, arís eile, go dtí go mbeidh gach duine tosaithe.
- Bí cinnte na hamanna críochnaithe a thaifeadadh, ní gá gurb iad an bheirt is túisce abhaile a bhuafaidh.
- Ná taifead an t-am críochnaithe go bhfilleann gach duine den bheirt abhaile.
- Bíodh tasc agat ag an deireadh doibh siúd a chríochnaíonn go luath.
- Liostaigh ainm cailín, ainm buachalla, logainm, ach na litreacha bailithe a úsáid
- Cé a fhéadann an focal is faide nó an líon is mó focal a dhéanamh leis na litreacha atá acu

# Treodóireacht ó phointe go pointe

Meabhraigh do na páistí gur gá an léarscáil a threoshuí (a chur sa treo ceart) agus an tsiombail rialaithe ag an ionad áirithe a chlárú.

- Bain leas as sainchomhartha, rud atá mór agus éasca le haithint.
- Mínigh cad atá i gceist le tús céimnithe– páistí ag tosú ag rith gach 30 soicind
- Meabhraigh do na páistí go bhfuil cruinneas níos tábhachtaí ná luas – ní gá gurb iad is tapúla na buaiteoirí.
- Tabhair cothrom na féinne do gach duine – déan sealaíocht.
- Ar mhaithe le sábháilteacht, bí cinnte go bhfanann na páistí i mbeirteanna.
- Cuir uimhir ar gach léarscáil, m.sh. 1-12. chun gur féidir le gach aon duine tosú ag an am céanna
- Pé uimhir atá ar an léarscáil, is é sin an túsmharc rialaithe a bheidh acu, m.sh., má tá léarscáil 5 acu, téann siad chuig 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 1, 2, 3, 4.






# Treodóireacht ó Phointe go Pointe

Cuir seo ar chúl na léarscáile le tacú leis na páistí le linn an taisc. Dírigh a n-aird ar an scafláil teanga seo nuair a dháileann tú an léarscáil amach. Iarr orthu na frásaí seo a úsáid le linn na gníomhaíochta.

Ní fheicim an triantán.

Tá sé aimsithe agam!

Ní féidir liom X a fheiceáil!


Táimid/táim críochnaithe.

Tá mé caillte.

An gcabhróidh tú liom?

# Fuarú IarAclaíochta


Bígí ag scipeáil timpeall an chlóis.
Bígí ag scipeáil níos moille/níos tapa/go hard.
Seasaigí gan bhogadh. Análaigí isteach agus amach.










# Treodóireacht
# Féinmheasúnú ar na Critéir Ratha

| | |
|---|---|
| Tuigim cad is ciall le léarscáil. | |
| Tá mé in ann 5 shiombail léarscáile a aithint agus a ainmniú. | |
| Tá mé in ann léarscáil a leanúint ó phointe go pointe. | |
| **Ar fhoghlaim tú aon fhrásaí nua inniu? Breac síos roinnt samplaí sa bhosca (5 ar a laghad).** **Níl cead agat ach dhá shiombail léarscáile a ainmniú.** | |

# Cárta Gníomhaíochta – Léarscáil Shamplach




| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Foirgneamh<br> | Claí<br> | Busáras<br> | Conair rothaíochta<br> | Abhainn<br> | Balla<br> |
| Mótarbhealach<br> | Láib<br> | Cosán<br> | Láthair picnicí<br> | Iarnród<br> | Críoch<br> |
| Ionad cuairteoirí<br> | Uisce<br> | Carrbhealach dúbailte<br> | Páirceáil<br> | Teorainn an stáit<br> | Tús<br> |

A


B

C

D



E
F
G
H

## CÁRTA GNÍOMHAÍOCHTA– MARCANNA RIALAITHE



CARTA GNIOMHAIOCHTA - MARCANNA RIALAITHE

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |



# TEAGASC RUD FOGHLAIM RUD

Féach ar an léarscáil scoile. Siúil timpeall an chlóis agus cuir ceist amháin ar gach dalta sa rang faoin léarscáil. Déan taifead de líon na gceisteanna agus líon na bhfreagraí. Féach na samplaí thíos:

Cá bhfuil an cosán/an clós/foirgneamh na scoile/an scoil/an sconsa/an bhialann/an bóthar/an tús/an críoch/an balla?

Tá sé in aice leis an mballa.
Tá an cosán gar don bhóthar.

| Cairt Scoir | |
|---|---|
| Ceist | |
| Freagra | |

Taisce Téarmaíochta
Ar chúl, taobh thiar, in aice leis an, gar do/don, ar dheis, ar chlé, taobh leis an, ó thuaidh, ó dheas, taobh deas, taobh clé